



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséal, 31 Bealtaine 2018
(OR. ga)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0190 (COD)**

9616/18
ADD 1

CULT 72
AUDIO 45
JAI 571
FREMP 88
INF 97
COPEN 175
DROIPEN 82
JUSTCIV 131
RELEX 497
CADREFIN 64
IA 163
CODEC 928

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	30 Bealtaine 2018
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2018) 291 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an an Clár um Chearta agus Luachanna Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an clár um Cheartas Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Clár Eorpa na Cruithaitheachta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 291 final ón gCoimisiún.

Faoi iamh: SWD(2018) 291 final



An Bhruiséil, 30.5.2018
SWD(2018) 291 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an an Clár um Chearta agus Luachanna
Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an clár um Cheartas
Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta

{COM(2018) 383 final} - {SEC(2018) 274 final} - {SWD(2018) 290 final}

Ullmhaíodh an measúnú tionchair seo chun anailís a dhéanamh ar thogra féideartha maidir leis an gClár Eorpach um Chultúr, Cearta agus Luachanna – lena n-imeasctar an Clár um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht 2014-2020, an Clár um an Eoraip ar son na Saoránach agus an Clár Eoraip na Cruthaitheachta agus an Clár um Cheartas. Ar an 2 Bealtaine 2018, ghlac an Coimisiún Eorpach a thograí maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil úr (CAI) le haghaidh 2021-2027. Chinn an Coimisiún ar deireadh clár neamhspleách Eoraip na Cruthaitheachta a bheith acu agus Ciste um Cheartas, Chearta agus Luachanna a chruthú agus dhá chlár maoinithe ag tacú leis: an Clár um Cheartas agus an Clár um Chearta agus Luachanna. Tá an measúnú tionchair fós bailí chun tacú leis na tionscnaimh sin go léir. Faoi *na tograí sin*, thar an tréimhse seo, beidh buiséad dar luach EUR 947 milliún ag gabháil leis an gclár um Cheartas agus leis an gclár um Chearta agus Luachanna agus beidh buiséad ar luach EUR 1,850 milliún ag gabháil le clár Eoraip na Cruthaitheachta.

Ullmhaíodh an measúnú tionchair chun tacú le hullmhú na gclár cistiúcháin amach anseo le haghaidh luachanna, cearta, ceartas, na meáin agus rannpháirtíocht saoránach. Déantar anailís ann ar an bhféidearthacht creat luachanna AE a chruthú i mbuiséad AE ina gcuirfí na ceithre chlár cistiúcháin reatha le chéile – Cearta, Comhionannas agus Saoránacht; An clár um an Eoraip ar son na Saoránach; Eoraip na Cruthaitheachta; clár Eoraip na Cruthaitheachta agus an clár um Cheartas - chomh maith le dhá líne shainchearta. Is é an aidhm cistiú a shimpliú agus a chuíchóiriú, sineirgí a fhorbairt i measc na gclár reatha, béim shoiléir ar bhreisluach Eorpach a áirithiú agus mhais chriticiúil chistiúcháin a shroicheadh chun comhluachanna AE a chur chun cinn agus a chosaint agus chun torthaí inbhraite a sheachadadh chuig saoránaigh AE.

Is é pointe tosaigh na hanailíse ar an measúnú tionchair go bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe ar phobal luachanna a chomhroinneann a shaoránaigh, agus atá bunaithe ar stair, ar phrionsabail dhaonlathacha agus ar fhéiniúlacht na hEorpa. Tá na luachanna sin cumhdaithe i gConradh an AE agus sa Chairt um Chearta Bunúsach agus cuimsíonn siad, go sonrach, neamh-idirdhealú agus comhionannas, frithchinióchas agus caoinfhuilíngt, an smacht reatha agus neamhspleáchas na mbreithiúna. Cuimsítear iontu chomh maith éagsúlacht chultúrtha, saoirse chun tuairim a nochtadh, lena n-áirítear saoirse na meán, iolrachas, agus rannpháirtíocht saoránach chomh maith le saoirse ealaíonta. Tá ár gcruthúcháin ina gcuid dár n-oidhreacht chultúrtha chomhchoiteann agus ár n-éagsúlacht chultúrtha agus teanga agus léirítear agus tugtar chun suntais iontu an tábhacht a bhaineann le saoirse ealaíonta agus chruthaitheach san Eoraip. Freisin cuireann na cruthúcháin sin go mór leis an gcomhrac i gcoinne gach cineál leithcheala lena n-áirítear ciníochas agus seineafóibe agus tá siad ag croilár thionscadal AE agus fhéiniúlacht AE. Lena bheith in ann an ról uilechuimsitheach sin a chomhlíonadh do shochaí na hEorpa i gcoitinne, caithfidh na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a bheith láidir agus iomaíoch; ní mór cruthúcháin ealaíonta agus ábhar cultúrtha a scaipeadh laistigh den Eoraip agus lasmuigh di.

Tá anailís déanta sa mheasúnú tionchair ar roinnt dúshlán comhchoiteann ar na réimsí beartais:

- Ár ngairm margadh inmheánach láidir a fhorbairt ach freisin tá bac ar phobal atá bunaithe ar chomhcheangal cultúrtha, luachanna comhroinnte, cearta, oidhreacht stairiúil agus chultúrtha agus rannpháirtíocht daoine de dheasca na claontachta díriú ar na difríochtaí eadrainn seachas díriú ar cad é a aontaímid. Dúshlán á chur ag gluaiseachtaí pobalacha, antoiseach agus náisiúnacha os comhair ár gcoincheapa um shochaí oscailte uilechuimsitheach, chomhtháite agus dhaonlathach inar féidir slí níos acmhainní le maireachtáil le chéile a fhorbairt tríd an rannpháirtíocht agus inniúlacht chultúrtha atá bunaithe ar an oideachas.
- De dheasca chineál ilroinnte agus acmhainní teoranta na gclár cistiúcháin reatha de chuid an AE a bhaineann le luachanna, le cearta, leis an tsaoránacht agus leis na meáin cuirtear teorainn le cumas

an AE freagairt do sheandúshláin agus do dhúshláin úra. Tá sé sin fíor go háirithe i gcomhthéacs an aistrithe dhigitigh, agus ba í an éifeacht a bhí aige gur méadaíodh an iomaíocht níos mó fiú idir gníomhairí SAM i margaí closamhairc agus cultúrtha na hEorpa, agus tá éifeachtaí diúltacha inbhraite ar éagsúlacht chultúrtha na hEorpa mar thoradh air.

Mura rachfar i ngleic leis an dúshlán dúbailte sin d'fhéadfadh na hiarmhairtí bheith an-ard má thagann meath ar mhúinín institiúidí agus luachanna Eorpacha. Éireodh cáilíocht ár ndaonlathais lag agus tá comharthaí scanrúla ann cheana, agus é á choimeád i gcúimhne, mar shampla nach gceapann ach leath d'Eorpaigh óga gurb é an daonlathas an cineál rialtais is fearr. D'fhéadfaí méadú teacht ar leithcheal trí mhí-úsáid líonraí ar líne, agus níl saoránaigh chomh muiníneach maidir lena gcearta a fheidhmiú. D'fhéadfadh sé go n-éireodh tuairim an phobail indibhidiúlach agus glasáilte sna meáin náisiúnta agus "bogláin" chultúrtha faoi tháscaire um shaoirse na meán agus iolrachas a bheadh ag meath. Bheadh tionchar diúltach aige sin chomh maith ar mhothú fhéiniúlacht chultúrtha na hEorpa. Éireodh íomhá na hEorpa ar ardán an domhain lag chomh maith, ag am a bhfuil gníomhairí domhanda eile ag forbairt a gcumhachta láiche tríd an gcultúr.

I bhfianaise an mhéid thuas, rinneadh anailís ar na trí phríomhchás:

- An status quo na ceithre chlár cistiúcháin a choimeád.
- Sa dara cás beartaítear sineirgí a fhorbairt i measc na gclár reatha agus iad a chur le chéile i mír réamhráiteach pholaitiúil amháin maidir le Luachanna AE ina mbeadh dhá chlár bunaidh cistiúcháin: an Clár Eorpach um Chultúr, Cearta agus Luachanna agus an Clár um Cheartas.
- Sa tríú cás chruthófaí clár aonair cistiúcháin ina gcumhdófaí na ceithre chlár cistiúcháin ar fad atá liostaithe thuas.

Fuarthas réidh leis an tríú cás maidir le clár cistiúchán amháin ar chúiseanna a bhain leis an mbunús dlí. Mar sin féin, agus seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann á chur san áireamh faoin saoirse, slándála agus ceartais chomh maith le seasamh na Danmhairge faoi mar atá leagtha síos i bPrótacail 21 agus 22 atá ceangailte leis an Conarthaí, ní mór an clár um Cheartas, agus an gnáthnós imeachta á ordú chomh maith, a choimeád mar ionstraim ar leith.

Tiomsaíodh sa mheasúnú tionchair na ceachtanna a foghlaimíodh ó chlár Eoraip na Cruthaitheachta, ón gclár um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht agus ón gclár um an Eoraip ar son na Saoránach chun struchtúr úr a bheartú agus rinneadh iniúchadh ann ar shásraí seachadta lena gcuirfear chun cinn luachanna agus cultúr AE agus na cuspóirí atá leagtha amach don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile á mbaint amach ó thaobh éifeachtachta, solúbthachta, sineirgí agus simplithe de. Cuireadh torthaí na meastóireachta meántearma san áireamh go cuí. Léiríodh breisluach soiléir sna cláir ar fad a ndearnadh meastóireacht orthu. Léiríodh san anailís, áfach, go bhfuil scóip ann le haghaidh feabhais ó staid reatha na gceithre chlár cistiúcháin.

Dá réir sin, mar mhalairt ar an gcás reatha agus an gcás bonnlíne, tá sé beartaithe sineirgí i measc na gclár reatha agus línte sainchearta a fhorbairt agus na sineirgí sin a chur le chéile i mír réamhráiteach pholaitiúil amháin maidir le luachanna AE ina mbeidh dhá chlár bunaidh chistiúcháin: an Clár Eorpach um Chultúr, Cearta agus Luachanna agus an Clár um Cheartas.

Is é is aidhm leis an ailtireacht úr: sineirgí a fhorbairt i measc beartas agus comhthuisicint a fháil le haghaidh gnímh, agus a gcuid sainghnéithe á n-urramú; forluí agus ilroinnt a laghdú; solúbthacht agus leithdháileadh cistí a áirithiú, agus méid áirithe intuarthachta an chistiúcháin a thabharfar i leith gach beartais a áirithiú; gníomhaíochtaí trasearnála agus nuálacha a chothú; agus mais chriticiúil acmhainní a áirithiú chun luachanna a chur chun cinn, agus riachtanais gach beartais á gcur san áireamh chomh maith. Leis an gcnuasú úr beifear in ann tuilleadh leas a bhaint as acmhainn na gclár reatha luachanna AE a chur chun cinn agus breisluach AE a mhéadú. Sa tsamhail sin tá sé riachtanach leas iomlán a

bhaint as an idirghníomhú idir an éagsúlacht chultúrtha, an chuimhne stairiúil agus acmhainn na hearnála cruthaitheachta ar an lámh amháin, agus prionsabail amhail ceartas, cearta, comhionannas, agus neamh-idirdhealú ar an lámh eile. Is í gné choiteann na saoránachta a cheadóidh sé sin.

Bítear ag súil leis an tionscnamh foriomlán go méadófar acmhainn AE maidir le gníomhú chun luachanna a chur chun cinn agus a chosaint trí shineirgí a fhorbairt idir na cláir chistiúcháin reatha. Leis an gclár atá beartaithe, áfach, admhaítear agus coimeádtar sainghnéithe na mbeartas aonair, lena n-áirítear trí cheapadh cuspóirí agus snáithí sonracha. Soláthraítear le hailtíreachta an Chláir Eorpaigh um Chultúr, Cearta agus Luachanna simpliú éasca, ó cheithre chlár cistiúcháin reatha go dhá chlár cistiúcháin amach anseo. Ní dhéantar rangú ar na tosaíochtaí idir na snáithí éagsúla den chreat atá beartaithe idir na tosaíochtaí laistigh de shnáithe, ach tacaíonn ceapadh an chláir le solúbthacht.

An 20 Aibreán 2018, thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach maidir leis an measúnú tionchair a ghabhann leis. Chuimsigh an Bord moladh tuilleadh feabhais a dhéanamh ar an tuarascáil i ndáil le roinnt gnéithe tábhachtacha amhail leas iomlán a bhaint as torthaí na meastóireachta, na tosaíochtaí amach anseo a dhearadh ar bhealach níos fearr, soiléiriú ar na tionchair a bhfuiltear ag súil leo ó na hathruithe ó thaobh na sásraí seachadta de. Déantar na gnéithe sin a neartú i leagan deiridh an mheasúnaithe tionchair.

Chinn an Coimisiún ar deireadh clár neamhspleách Eoraip na Cruthaitheachta a bheith acu agus Ciste um Cheartas, Chearta agus Luachanna a chruthú agus dhá chlár maoinithe ag tacú leis san áireamh: an Clár um Cheartas agus an Clár um Chearta agus Luachanna. Tá an measúnú tionchair fós bailí chun tacú leis na tionscnaimh sin go léir. Léirítear an cinneadh i bpacáiste togra an CAI i ndiaidh 2020 a chuir an Coimisiún i láthair an 2 Bealtaine 2018.